# Coláiste Ailigh

Cnoc na Móna
Leitir Ceanainn
Tír Chonaill

Uimhir Rolla 7608IF

## Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

**Tréimhse na Tuairisce:** *Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2023*

**Dáta eisiúna na tuairisce:** 2 Meitheamh 2023

*An English Language summary is provided at the end of this document*

# Tuairisc Fhéinmheastóireachta Scoile

## 1. Réamhrá

### 1.1 Fócas na meastóireachta

Agus an phaindéim dhomhanda Covid 19 curtha dínn, phill foireann Choláiste Ailigh ar an ghnáthphróiseas fhéinmheastóireachta sa scoilbhliain 2022-2023. Sna seachtainí roimh thús na chéad dianghlasála i Márta 2020, bailíodh eolas agus tuairimí faoin teagasc agus faoin fhoghlaim i gColáiste Ailigh ó pháirtithe oideachais na scoile agus scríobhadh tuairisc faoi thátail an eolais sin. Bhí sé i gceist go ndéanfadh an tuairisc sin eolas do na pleananna feabhsúcháin scoile don trí bliana ina dhiaidh sin, agus go mbaileofaí eolas agus tuairimí arís ó pháirtithe an oideachais i gColáiste Ailigh in 2023.

As siocair gur cuireadh isteach ar ghnáthoibriú na scoile ar feadh bliain go leith ina dhiaidh sin, socraíodh go bhfágfaí an tuairisc sin go dtí go mbeadh an scoil ag feidhmiú mar is ceart arís agus baineadh úsáid as pleananna éigeandála a chuaigh i ngleic go sonrach le hoibriú na scoile i rith na paindéime. Sa scoilbhliain 2022-2023, úsáideadh an t-eolas a bailíodh in 2020 agus eolas eile a bailíodh ó choistí áirithe sa scoil chun plean feabhsúcháin scoile (PFS) a chur le chéile, plean a raibh trí sprioc aige: a) cur le scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na ndaltaí, b) laghdú ar an bhrú agus ar an strus a bhíonn ar dhaltaí, go háirithe maidir le hobair bhaile, agus c) labhairt agus úsáid na Gaeilge a spreagadh i bpobal na scoile. Bailíodh aiseolas ón fhoireann teagaisc in Márta 2023 maidir le cur i bhfeidhm an PFS 2022-2023 agus tá torthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an PFS tugtha thíos.

Tá sé i gceist ag an scoil mórshuirbhé a dhéanamh ar pháirtithe oideachais na scoile arís in 2024 agus úsáidfear an t-eolas a bhaileofar mar fhianaise do na pleannanna feabhsúcháin scoile a bheidh ann sna trí bliana amach romhainn.

Bunaithe ar thuairiscí ó choistí éagsúla scoile agus ar an tuairisc ó pháirtithe oideachais Choláiste Ailigh, shocraigh an fhoireann ag cruinnithe idir Márta agus Aibreán 2023 ar thrí thosaíocht do Phlean Feabhsúcháin Scoile 2023 - 2024: a) **cur leis na straitéisí difreála atá in úsáid sa scoil chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu;** b) **tógáil ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2022-2023 chun labhairt na Gaeilge a láidriú i measc na ndaltaí agus na múinteoirí;** c) **go n-úsáidfidh gach dalta sa scoil na cláir bhunúsacha *G-Suite* agus go mbeidh gléas scoile ar fáil dóibh leis sin a dhéanamh.**

### 1.2 Comhthéacs na scoile

Is gaelcholáiste pobail measctha é Coláiste Ailigh. Bunaíodh an scoil sa bhliain 2000 le freastal ar daltaí i mbaile Leitir Ceanainn agus sa cheantar máguaird ar mhaith leo a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge. Bhí 298 scoláire cláraithe sa scoil ar an 1 Meán Fómhair 2022. Thosaigh 52 sa Chéad Bhliain agus astu sin, tháinig 49 ón ghaelscoil áitiúil nó ó bhunscoileanna Gaeltachta. Rinne 3 dhalta freastal ar bhunscoileanna ina ndearnadh an teagasc trí Bhéarla.

Is í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide agus oibre na scoile. Cuirtear an-bhéim ar an Ghaeilge mar theanga chaidrimh na foirne, na daltaí agus phobal na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge (seachas na teangacha iasachta) agus úsáidtear an Ghaeilge ag gach ócáid scoile taobh istigh

agus taobh amuigh den scoil. Ní gaeilgeoir gach tuismitheoir agus, ar an ábhar sin, déantar cuid d'obair na scoile (cruinnithe tuismitheoirí, mar shampla) trí mheán an Bhéarla nuair is gá.

Leanann gach scoláire cúrsa trí bliana sa tSraith Shóisearach agus dhá bhliain sa tSraith Shinsearach (Gairmchlár na hArdteistiméireachta san áireamh). Bíonn rogha ag daltaí an Idirbhliain a dhéanamh. Roghnaíonn tromlach na ndaltaí cúrsa na hIdirbhliana a dhéanamh.

**1.3 Bailiú na Fianaise**

I mí Feabhra 2020, rinneadh mórshuirbhé ar pháirtithe uile an oideachais i gColáiste Ailigh. Mar gheall ar Covid 19, níor úsáideadh an t-eolas sin in 2020 agus 2021 ach baineadh úsáid as in 2022 agus in 2023.

Chuir coistí éagsúla sa scoil, mar shampla an coiste teicneolaíochta agus an roinn riachtanais speisialta, moltaí os comhair na múinteoirí maidir le teagasc agus foghlaim.

Rinne na ranna éagsúla ábhair scrúdú ar thorthaí na scrúduithe stáit ina n-ábhair féin agus eisíodh ceistneoir ar na múinteoirí in Márta 2023 chun eolas a bhailiú faoi chur i bhfeidhm PFS 2022-2023.

## 2. Na tátail

*Seo a leanas cáilíocht an chleachtais maidir leis na trí fhothéamaí meastóireachta:*

**Torthaí Foghlaimeora**

Cuspóirí ábhair a bhaint amach

Gnóthachtáil
Dul chun cinn
Scileanna
Dearcthaí
Eolas

A. Ar an iomlán gnóthaíonn daltaí Choláiste Ailigh marcanna atá os cionn an mheáin naisiúnta i scrúduithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta.

B. Thug 89% de na daltaí le fios gur mhaith leo cruthú go maith sna scrúduithe, dúirt 70% go raibh múinteoirí maithe acu agus dúirt 81% go raibh sé furasta na múinteoirí a thuigbheáil. Dúirt 69% go bhfuil siad compordach ceist a chur ar an mhúinteoir nuair nach dtuigeann siad rud éigin.

C. In ainneoin gur thug bainistíocht na scoile le fios go mbaintear úsáid éifeachtach as Comhairle na nDaltaí le guth a thabhairt do dhaltaí, thug 56% de na daltaí le fios nach n-éisteann na múinteoirí lena gcuid tuairimí.

D. Thug na múinteoirí le fios go mbítear ag súil le torthaí maithe agus go mbíonn cumarsáid agus teagasc maith ag tarlú sna ranganna den chuid is mó ach go bhfuil obair le déanamh ar an fhoghlaim neamhspleách.

E. Thug roinnt tuismitheoirí le fios go ndéanann an scoil freastal maith ar dhaltaí atá maith ag cúrsaí acadúla agus cúrsaí spóirt ach nach ndéantar an cúram céanna do dhaltaí nach bhfuil chomh maith sin.

F. Bhí imní ar roinnt tuismitheoirí maidir leis an ualach obair bhaile agus an brú a bhíonn ar dhaltaí, go háirithe i mblianta scrúduithe.

G. Meastar gur féidir tuilleadh a dhéanamh chun caighdeán Gaeilge na ndaltaí a fheabhsú.

| **Eispéireas Foghlama** | Timpeallacht foghlama<br>Rannpháirtíocht<br>An dóigh le foghlaim a fhoghlaim | Gníomhach<br>Comhoibríoch<br>Dúshlánach<br>Inspreagadh |
|---|---|---|

A. Thug 81.8% de na tuismitheoirí le fios go raibh a gcuid páistí sásta ar scoil agus thug 88.3% le fios go raibh dul chun cinn maith nó an-mhaith déanta ag a bpáistí san fhoghlaim.

B. D'ardaigh tuismitheoirí roinnt ceisteanna maidir le folláine na ndaltaí, go háirithe i réimse an spóirt, an brú le hobair bhaile agus le caidrimh phearsanta, ach aontaíodh ar an iomlán go raibh atmaisféar cairdiúil sa scoil.

C. Thug 77% de na daltaí go raibh sé furasta a bheith ag foghlaim i gColáiste Ailigh agus dúirt 74% go nglacann siad freagracht as a bhfoghlaim féin.

D. Tá feabhas le feiceáil sa fhreagracht phearsanta a ghlacann daltaí as a gcuid oibre féin agus san fhéinmheasúnú ach gur féidir tuilleadh oibre ar mhodhanna foghlama a theagasc do dhaltaí.

E. Tá timpeallacht dhearfach spreagúil foghlama sa scoil agus tá samplaí d'obair na ndaltaí ar taispeáint ar na ballaí. Measadh go bhféadfaí tógáil air seo tuilleadh.

F. Measadh gur féidir tuilleadh oibre a dhéanamh i bhforbairt scileanna ríomhaireachta na ndaltaí.

G. Measadh gur cheart níos mó béime a chur ar fholláine sa scoil.

| **Cleachtas múinteoirí** | Ullmhúchán don teagasc<br>Cur chuige teagaisc<br>Bainistíocht páistí<br>Measúnacht | Le cuspóir<br>Luas<br>Cuir chuige<br>Difreáil<br>Measúnú |
|---|---|---|

A. D'ardaigh páirtithe an oideachais roinnt ceisteanna faoi chaighdeán labhairt na Gaeilge sa scoil i measc múinteoirí agus daltaí.

B. Tá scileanna maithe cumarsáide ag na múinteoirí agus tá méid áirithe comhoibriú ag tarlú idir múinteoirí (teagasc foirne etc) ach is féidir cur leis sin go fóill.

C. Ó tharla Covid 19, tá múinteoirí Choláiste Ailigh ag roinnt a gcuid sainscileanna ar mhúinteoirí eile níos mó ná riamh. Is fiú cur leis sin ar bhonn leanúnach.

D. Mothaíonn múinteoirí nach dtugtar go leor ama dóibh (go háirithe má tá siad leo féin i roinn) obair roinne a dhéanamh, go gcuirtear isteach le roinn eile iad ag cruinnithe Pháirc Uí Chrócaigh etc.

E. Thug bainistíocht na scoile le fios go n-eagraítear cruinnithe maidir le scileanna teagaisc agus ceannaireachta.

F. Tá feabhas mór tagtha ar scileanna ríomhaireachta/teicneolaíochta na múinteoirí.

G. Tá múinteoirí den tuairim gur chóir níos mó béime a chur ar an difreáil sna ranganna.

## 3. Dul chun cinn a rinneadh ar spriocanna feabhsúcháin a aithníodh roimhe seo

Chuir an scoil TRÍ sprioc roimpi féin i bPlean Feabhsúcháin Scoile 2022-2023:

A. Labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí, na múinteoirí agus pobal na scoile
B. Freastal ar agus aird a tharraingt ar an méid obair bhaile atá á thabhairt do dhaltaí
C. Scileanna ríomhaireachta na ndaltaí a fheabhsú.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, aontaíodh ar 8 ngníomh:

Sprioc A

- Duais aitheantais a bhronnadh ar dhaltaí as gach bliainghrúpa a dhéanann sáriarracht maidir le labhairt na teanga i ngnáthshaol na scoile.
- Coiste 'Gaelbhratach' a bhunú a mbeadh ionadaithe ó na daltaí agus ó fhoireann na scoile air le himeachtaí a stiúradh do na daltaí uilig i rith na bliana.

Sprioc B

- Dhéanfadh foireann na scoile athbhreithniú ar pholasaí obair bhaile na scoile.
- Dhéanfaí imscrúdú ag leibhéal roinne ar na moltaí a thagann as cruinniú mhí na Samhna (féach gníomh 3).
- Dhéanfadh Comhairle na nDaltaí, An Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí athbhreithniú ar an pholasaí nua obair bhaile.

Sprioc C

- Seisiún ríomhaireachta a eagrú mar chuid d'ionduchtú na Chéad Bhliana ag tús na scoilbhliana.
- Cúrsa ar an Teicneolaíocht Fáisnéise agus Chumarsáide (TFC) a chur ar chlár ama na scoile don Chéad Bhliain.
- Shocródh gach roinn go mbainfeadh gach múinteoir sa roinn sin úsáid as ceann de na feidhmchláir atá luaite i nGníomh 7 ina rang leis na daltaí Chéad Bhliana.

Bunaíodh coiste 'Gaelbhratach' agus eagraíodh imeachtaí i rith na bliana chun an Ghaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí. Thug **85.7%** de na múinteoirí go raibh ionadaí óna roinn ábhair ar an choiste agus thug **75%** de na múinteoirí le fios gur bhain an coiste a chuid aidhmeanna amach. Roinn na múinteoirí a dtuairimí maidir le caighdeán na Gaeilge i measc na ndaltaí. Dúirt **23.8%** go raibh feabhas tagtha air, thug **47.6%** le fios nach raibh aon athrú tagtha air agus dúirt **28.6%** go raibh sé níos measa ná mar a bhí. Níor bronnadh duaiseanna aitheantais ar dhaltaí a raibh sáriarracht déanta acu i dtaobh labhairt agus cur chun cinn na Gaeilge ag ócáid bhronnta na ngradam, rud a luadh mar cheann de na critéir ratha, ach rinneadh bronnadh ag tionól iomlán scoile ag deireadh na bliana. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC A a bhaint amach i bpáirt ach tá gá le tuilleadh oibre.**

D'éirigh leis an scoil an chéad dá ghníomh a luadh sa PFS a chur i bhfeidhm. Rinne foireann na scoile athbhreithniú ar an pholasaí obair bhaile agus rinne **90.5%** de na múinteoirí imscrúdú air ag leibhéal roinne. Mar sin féin, níor chomhlíon an scoil an tríú gníomh a luadh. Ní bhfuarthas aiseolas ó Chomhairle na nDaltaí nó ó Choiste na dTuismitheoirí agus níl an polasaí nua ceadaithe ag Bord Bainistíochta na scoile. Tá sé i gceist é sin a dhéanamh go luath sa scoilbhliain nua. Cé gur éirigh leis an scoil cuid mhór oibre a dhéanamh ar an pholasaí obair bhaile i mbliana, níor críochnaíodh an obair sa fráma ama a bhí socraithe agus, mar sin, **níor éirigh linn SPRIOC B a bhaint amach.**

Eagraíodh seisiún ríomhaireachta don Chéad Bhliain mar chuid dá n-ionduchtú ag tús na scoilbhliana agus cuireadh ranganna sa TFC ar chlár ama na Chéad Bhliana. Thug **72.2%** de na múinteoirí le fios gur iarr siad ar an Chéad Bhliain obair a chur ar fáil mar *Google Doc*, *Google Slides*, Scarbhileog etc i rith na bliana agus tá tromlach na múinteoirí den tuairim go bhfuil feabhas tagtha ar scileanna ríomhaireachta na ndaltaí. **D'éirigh leis an scoil SPRIOC C a bhaint amach**.

## 4. Achoimre ar thátail na féinmheastóireachta scoile

**4.1** Tá **láidreachtaí** ag ár scoil sna hachair seo a leanas:

a) Tá feabhas leanúnach le feiceáil i scileanna ríomhaireachta agus teicneolaíochta na múinteoirí agus na daltaí.
b) Tá atmaisféar maith sa scoil agus tá timpeallacht mhaith foghlama sa scoil.
c) Rinne an scoil obair mhór chun meabhairshláinte phobal na scoile a chinntiú agus tá córas ann chun daltaí a bhfuil deacrachtaí acu a aithint agus chun cuidiú leo.
d) Tá foireann na scoile oscailte do mhodhanna nua teagaisc chun cur le heispéireas foghlama na ndaltaí.

**4.2** Tá na hachair seo a leanas ina d**tosaíochtaí feabhsúcháin**:

- Forbairt a dhéanamh ar straitéisí difreála le húsáid sna ranganna.
- Tuilleadh obair a dhéanamh chun labhairt agus úsáid na Gaeilge a láidriú sa scoil.
- Cur tuilleadh le scileanna ríomhaireachta na ndaltaí.

**4.3** Ní mór aghaidh a thabhairt ar na riachtanais reachtúla agus rialachais seo a leanas:

Tá gach riachtanas reachtúil agus rialachais á chomhlíonadh ag an scoil.

# Plean Feabhsúcháin Scoile Choláiste Ailigh, 2023-2024

Tá Coláiste Ailigh ag feidhmiú go maith ach aithnímid go bhfuil roinnt réimsí inar féidir linne, mar fhoireann, feabhas a chur ar ghníomhú éifeachtach na scoile.

## Spriocanna Feabhsúcháin 2023-2024

- Cur leis na straitéisí difreála atá in úsáid sa scoil chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.
- Tógáil ar na gníomhartha a cuireadh i bhfeidhm in 2022-2023 chun labhairt na Gaeilge a láidriú i measc na ndaltaí agus na múinteoirí.
- Go n-úsáidfidh gach dalta sa scoil na cláir bhunúsacha *G-Suite* agus go mbeidh gléas scoile ar fáil dóibh leis sin a dhéanamh.

## Gníomhartha a chuirfear i bhfeidhm:

**GNÍOMH 1**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Ceardlann foirne a eagrú a dhíreoidh isteach ar straitéisí praiticiúla difreála. |
| **Freagrach** | Gach múinteoir |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 |
| **Critéir Ratha** | Eagrófar an cheardlann agus freastlóidh gach ball foirne uirthi roimh dheireadh Mheán Fómhair. |

**GNÍOMH 2**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Eagrófar cruinnithe roinne chomh luath agus is féidir i ndiaidh na ceardlainne a luaitear i nGníomh 1 chun ar a laghad straitéis amháin a roghnú a chuirfidh múinteoirí na Roinne i bhfeidhm leis an Chéad Bhliain.<br>(In 2024-25, leathnófar seo go dtí an Dara Bliain agus in 2025-2026, leathnófar é go dtí an Tríú Bliain agus in 2024-25, díreofar isteach ar dhífreáil i gcúrsaí measúnaithe.) |
| **Freagrach** | Gach roinn ábhair agus gach múinteoir sa scoil. |
| **Fráma Ama** | Nollaig 2023. |
| **Critéir Ratha** | Uaslódálfaidh gach roinn sampla amháin den obair atá ar siúl acu chuig tiomántán roinnte i mí Eanáir. |

**GNÍOMH 3**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Cuirfear liosta gairid le chéile de na botúin choitianta a dhéantar agus scaipfear é ar gach múinteoir. Beidh na botúin sin le ceartú ag gach múinteoir nuair a chluineann sé ó dhaltaí iad. |
| **Freagrach** | Gach múinteoir. Cruthóidh Derval Newman tiomántán roinnte chun moltaí faoi na botúin a bheidh le ceartú a bhailiú. Cuirfear coiste bheag le chéile i Meán Fómhair chun teist a dhearadh. |
| **Fráma Ama** | Liosta le bheith curtha le chéile roimh dheireadh Mheán Fómhair. Ceartú le déanamh idir Meán Fómhair 2023 - Bealtaine 2024 |
| **Critéir Ratha** | Cuirfear teist bheag ar líne ar gach dalta i Meán Fómhair agus teist bheag eile ag deireadh na bliana. Beidh feabhas le feiceáil sna torthaí. |

**GNÍOMH 4**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Cuirfear nathanna cainte nó seanfhocal ar taispeáint (postaeir, scáileán etc) nó in úsáid (idirchum, fógraí etc) sa scoil chun cur le saibhreas teanga phobal na scoile. |
| **Freagrach** | Idirbhliain (postaeir), PO/POT/Rúnaí (fógraí), gach múinteoir ina ranganna. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 - Bealtaine 2024 (ceann nua gach mí). |
| **Critéir Ratha** | In éineacht leis an teist a luaitear i nGníomh 3, cuirfear ceacht 'líon na bearnaí' ar fáil do na daltaí. Gheobhaidh 80%+ acu 80% nó níos mó de na nathanna ceart. |

**GNÍOMH 5**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Tabharfar agus baileofar obair ar *Google Classroom* i ngach ábhar sa Chéad Bhliain uair sa mhí. |
| **Freagrach** | Gach múinteoir a bhfuil an Chéad Bhliain aige. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 – Bealtaine 2024 |
| **Critéir Ratha** | Tabharfaidh 80% de na múinteoirí a bhfuil an Chéad Bhliain acu le fios ar an Doiciméad 'Straitéisí TFC i leith FMS', a roinnfear ar an fhoireann, go bhfuil sin déanta acu. |

**GNÍOMH 6**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Úsáidfaidh gach rang-ghrúpa na ríomhairí *Chromebook* nó ríomhairí na scoile ina rang ar a laghad uair amháin i rith na bliana. |
| **Freagrach** | Gach múinteoir |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 - Bealtaine 2024 |
| **Critéir Ratha** | Tabharfaidh 80% de na múinteoirí a bhfuil an Chéad Bhliain acu le fios ar an Doiciméad 'Straitéisí TFC i leith FMS', a roinnfear ar an fhoireann, go bhfuil sin déanta acu. |

**GNÍOMH 7**

| | |
|---|---|
| **Gníomh** | Déanfar taighde ar an úsáid a bhaintear as ríomhairí *Chromebook* agus taibléidí i scoileanna eile. |
| **Freagrach** | Seosamh Mac Ceallabhuí, Shane Ó Breacáin agus an Príomhoide. |
| **Fráma Ama** | Meán Fómhair 2023 - Márta 2024 |
| **Critéir Ratha** | Cuirfear tuairisc agus treoir ar fáil do mhúinteoirí na scoile faoi úsáid ríomhairí/taibléidí roimh dheireadh Mhárta 2024. |

**Dátaí athbhreithnithe**

Cuirfear ceistneoir/seicliosta chuig gach múinteoir i mí Feabhra/Márta 2024 chun tuairimí agus aiseolas a fháil agus chun cuidiú le hathbhreithniú.

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an phlean seo in Aibreán 2024.

# Aguisín 1

## Seicliosta Reachtaíochta agus Rialála

| Saincheist | Reachtaíocht, riail nó imlitir chuí | An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí? | | | Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt |
|---|---|---|---|---|---|
| | | 2020-21 | 2021-22 | 2022-23 | |
| Clárú bailí daltaí | M51/93 | Tá | Tá | Tá | |
| Am sa scoil<br><br>- Fad na scoilbhliana (íosmhéid 166 lá do gach bliainghrúpa)<br><br>- Fad na scoilseachtaine (íosmhéid 28 uair an chloig do gach bliainghrúpa) | Imlitir M29/95 | <br><br>Tá<br><br>Tá | <br><br>Tá<br><br>Tá | <br><br>Tá<br><br>Tá | |
| Caighdeánú na scoilbhliana | Ciorclán 034/2011 | Tá | Tá | Tá | |
| Socruithe do chruinnithe idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus cruinnithe foirne | Imlitir M58/04 | Tá | Tá | Tá | |
| Straitéis Náisiúnta Litearthachta a chur i bhfeidhm | Ciorclán 25/12 | Tá | Tá | Tá | |
| Comhaontú Pháirc an Chrócaigh i dtaca le ceanglas an ama bhreise a chur i ngníomh | Ciorclán 025/2011 | Tá | Tá | Tá | |
| Plean Scoile a chur le chéile | Alt 21 den Acht Oideachais 1998 | Tá | Tá | Tá | |
| Soláthar treorach i scoileanna dara leibhéal | Imlitir PPT12/05, An tAcht Oideachais 1998 (alt 9(c)) | Tá | Tá | Tá | |
| Plean treorach na scoile uile | Alt 21 den Acht Oideachais 1998 | Tá | Tá | Tá | |
| OSSP a sheachadadh ar gach rang sa tsraith shóisearach | Imlitir M12/01 Imlitir M13/05 | Tá | Tá | Tá | |
| Díolúine ar staidéar ar an Ghaeilge | Imlitir M1 0/94 | N/B | N/B | N/B | Ní bhaineann le hábhar |
| Struchtúir athbhreithnithe bainistíochta inscoile a chur i ngníomh | Imlitir M29/02, Imlitir 21/98, Imlitir 30/97, Imlitir 29/97 | Tá | Tá | Tá | |
| Maolú srianta ar phoist freagrachta a líonadh don scoilbhliain 2011/12 | Ciorclán 53/11 | N/B | N/B | N/B | Ní bhaineann le hábhar |
| Comhaontú seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) - cúntóirí riachtanas speisialta | Ciorclán 71/11 | Tá | Tá | Tá | |
| Tuismitheoirí ina gcomhpháirtithe san oideachas | Imlitir M27/91 | Tá | Tá | Tá | |

| Saincheist | Reachtaíocht, riail nó imlitir chuí | An bhfuil an scoil ag comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta, rialach nó imlitreach cuí? | | | Mura bhfuil, luaigh nithe is gá a fhorbairt |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **2020-21** | **2021-22** | **2022-23** | |
| Nósanna imeachta cosanta leanaí a chur i ngníomh | Imlitir 65/11 | Tá | Tá | Tá | |
| | Eolas i dtaca le cosaint leanaí | | | | |
| | • Líon na gcásanna ar chuir an Teagmhálaí Ainmnithe (TA) tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid Fheidhmeannacht na Seirbhísí Slainte (FSS) | 1 | 1 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna ar chuir an TA tuairisc i dtaca le leanbh sa scoil faoi bhráid FSS agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi | 1 | 1 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin | 4 | 2 | 1 | |
| | • Líon na gcásanna ar lorg an TA comhairle ó FSS agus nach ndearnadh aon tuairisc de bhun na comhairle sin agus gur cuireadh an bord bainistíochta ar an eolas faoi | 4 | 0 | 0 | |
| Nósanna imeachta chun gearán a dhéanamh a chur i bhfeidhm mar is cuí | Alt 28 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le gearáin a rinne tuismitheoirí i rith na scoilbhliana. | | | | |
| | • Líon na ngearán oifigiúil a rinne tuismitheoirí<br>• Líon na ngearán oifigiúil a próiseáladh<br>• Líon na ngearán oifigiúil nár próiseáladh ina n-iomláine faoi dheireadh na scoilbhliana seo | 0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0 | |
| Diúltú do chlárú | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil<br>• Líon na gcásanna a éistíodh<br>• Líon na n-achomharc a ceadaíodh<br>• Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0 | 0<br>0<br>0<br>0 | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Daltaí a chur ar fionraí | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo. | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a éistíodh | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na n-achomharc a ceadaíodh | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0 | 0 | 0 | |
| Daltaí a dhíbirt ón scoil | Alt 29 den Acht Oideachais 1998 | | | | |
| | Eolas i dtaca le hachomhairc a rinneadh de réir Alt 29 in éadan na scoile i rith na scoilbhliana seo | | | | |
| | • Líon na gcásanna a tógadh in éadan na scoile faoi Alt 29 | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a próiséaladh ag céim neamhfhoirmiúil | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na gcásanna a éistíodh | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na n-achomharc a ceadaíodh | 0 | 0 | 0 | |
| | • Líon na n-achomharc ar diúltaíodh dóibh | 0 | 0 | 0 | |

# Aguisín 2

## Seicliosta Polasaithe

| Polasaí | Foinse | Ceadaithe ag an Bhord Bhainistíochta? | Muna bhfuil, cad iad na gnéithe atá le forbairt? |
|---|---|---|---|
| **Polasaí rollaithe** | *Alt 15 (2) (d) An tAcht Oideachais, 1998* | Tá | |
| **Cód iompair, polasaí frithbhulaíochta san áireamh.** | *Imlitir 20/90*<br>*Treoirlínte na Roinne Oideachais ar Iompar Bulaíochta a chosc, 1993*<br>*Treoirlínte BNLO* | Tá | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | *Alt 23, An tAcht Leasa Oideachais 2000* | | |
| **Straitéis tinrimh agus Rannpháirtíochta.** | *Alt 22, An tAcht Oideachais (Leas) 2000*<br>*Achtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2011* | Tá | |
| **Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta** | *Alt 20, An tAcht Sláinte agus Sábháilteachta, 2005* | Tá | |
| **Cosaint Sonraí** | *An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988*<br>*An tAcht um Chosaint Sonraí (Acht Leasaithe), 2003* | Tá | |
| **Polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais.** | *An tAcht Oideachais, 1998*<br>*Achtanna um Stádas Comhionann (2000 – 2011)*<br>*An tAcht Oideachais (Leas), 2000*<br>*An tAcht um Oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta oideachais (EPSEN), 2004*<br>*An tAcht Míchumais, 2005* | Tá | |
| **Polasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta** | *Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta: Treoirlínte Polasaí (1997)* | Tá | |
| **Polasaí maidir le cosaint leanaí** | *Imlitir 0065/2011* | Tá | |
| **Tuismitheoirí mar chomhpháirtithe** | *Imlitir 24/91* | Tá | Gach dualgas á chomhlíonadh |
| **Comhaontú na seirbhíse poiblí (Páirc an Chrócaigh) – cúntóirí riachtanais speisialta.** | | Níl | Ag cloí leis ach níl aon pholasaí scríofa ann. |
| **Polasaí Staidéir** | | Tá | |
| **Polasaí Gaeilge** | | Tá | |
| **Polasaí Teagmhais Chriticiúla** | | Tá | |
| **Polasaí Curaclaim Bhreise** | | Tá | |
| **Polasaí Gearáin** | | Tá | |
| **Polasaí Measúnaithe** | | Tá | |
| **Polasaí Taistil** | | Níl | Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill. |
| **Polasaí OSPS** | | Níl | Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill. |
| **Polasaí Teagasc Críostaí** | | Níl | Dréachtpholasaí ann nach bhfuil ceadaithe ina iomláine ag an bhord go fóill. |
| **Plean Freagartha Covid-19** | | Tá | Ní bhaineann le hábhar a thuilleadh |
| **Polasaí Obair Bhaile** | | Níl | Ceadófar é go luath sa scoilbhliain 2023-2024 |

# Coláiste Ailigh - School Self-Evaluation, 2020-2021

## *Summary of findings*

Every year the school undertakes a process of self-evaluation in order to ascertain strengths and weaknesses in the school, especially in the area of learning and teaching. Information is gathered and analysed and based on that information, the school agrees a School Improvement Plan (SIP) for the following school year. This plan seeks to build on strengths and improve on weaknesses.

As of 1 September 2023, there were 298 pupils in Coláiste Ailigh. 52 students started in First Year and, apart from 3, all of those attended a gaelscoil or a national school in a Gaeltacht area.

## Gathering of information & Self-evaluation

In February 2020, a major survey of all the education partners in Coláiste Ailigh was carried out and a report on the findings was prepared, however with the start of the Covid 19 pandemic in March 2020 and subsequent school closures in 2020 and 2021, this information had not been used. It was, however, used as a basis for school self-evaluation in 2022 and 2023. Various school committees contributed evidence, each subject department examined students' results in the state examinations and a questionnaire was circulated amongst teachers to gather feedback. A further survey will be undertaken during the 2023-2024 school year which will inform School Improvement Plans for the following three years.

This information was discussed and examined in subcommittees and strengths and weaknesses in Coláiste Ailigh were identified. Based on this a School Improvement Plan (SIP) was developed to build on strengths and to address weaknesses. It was decided that the SIP and the focus for school self-evaluation for 2023-2024 would concentrate on three areas: a) **development of differentiation strategies to be used with students who have additional educational needs**; b) **building on previous actions to improve the use and standard of Irish amongst students and teachers** and c) **further improving students' computer skills**. The SIP can be found on pages 6-7 of this document. It seeks to address the above issues and build on established good practice.

## Progress in previously identified improvement goals

In the School Improvement Plan 2022-2023, three goals were identified:

1. Improving the use and standard of Irish amongst students and teachers. **This goal was partially achieved, but more work needs to be done.**
2. To reduce student stress associated with homework by developing a new homework policy. **Although work was done on this at a teacher and subject department level, no new policy has been adopted by the Board of Management. This goal was not achieved, but it is hoped that the new policy will be in place early in the 2023-2024 school year.**
3. To improve students' computer skills. **This goal was achieved.**

## Summary of the conclusions:

The following were identified as strengths:

a) There is a continuing improvement in student and teacher computer skills.
b) There is a good atmosphere in the school and a good learning environment.

c) The school has done a great deal of work to ensure the mental health of the school community is good and systems are in place to identify students with difficulties and to help them.
d) The school staff are open to new teaching methodologies which aim to improve the learning experience of students.

The following were identified as areas of possible improvement:

a) Further development of students' computer and technology skills is desirable.
b) Further work could be done to improve and encourage the use of Irish amongst students and teachers.
c) The development of differentiation strategies for use with students who have additional educational needs should be considered.

Aguisín 1 (Appendix 1) is a list of the legislative and regulatory requirements to which the school adheres.

Aguisín 2 (Appendix 2) is a list of school policies.